RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/736 ÓN gCOIMISIÚN

an 31 Márta 2023

maidir leis an sainmhíniú ar shonraí teicniúla chur i bhfeidhm an tsásra ceartúcháin margaidh maidir le díorthaigh atá nasctha le pointí trádála fíorúla san Aontas seachas an tSaoráid Aistrithe Teidil

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/2578 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2022/2578 ón gComhairle lena mbunaítear sásra ceartúcháin margaidh chun saoránaigh an Aontais agus an geilleagar a chosaint ar phraghsanna arda as cuimse ("Rialachán MCM"), bunaítear sásra ceartúcháin margaidh ("MCM") sealadach le haghaidh orduithe a dhéantar chun trádáil a dhéanamh i ndíorthaigh na Saoráide Aistrithe Teidil (TTF) agus i ndíorthaigh a bhaineann le pointí trádála fíorúla ("VTPanna") eile a mbíonn aibíochtaí acu idir mí roimh ré agus bliain roimh ré. Fágann sé sin go bhfuil feidhm ag an MCM maidir le haon díorthach tráchtearraí, a dhéantar a thrádáil ar mhargadh rialáilte, arb é a bhunionstraim idirbheart gáis in aon VTP san Aontas.

(2) De bhun Airteagal 1 den Rialachán maidir leis an MCM, tá feidhm ag an MCM maidir le horduithe a dhéantar chun TTF agus díorthaigh atá nasctha le pointí trádála fíorúla eile atá lonnaithe san Aontas a thrádáil.

(3) Sa Rialachán maidir leis an MCM leagtar amach sonraí teicniúla chur i bhfeidhm an MCM i ndáil le horduithe a dhéantar le haghaidh dhíorthaigh TTF, agus i ndáil leis na horduithe sin amháin, agus ní le haghaidh orduithe a dhéantar le haghaidh díorthaigh atá nasctha le VTPanna eile. Tharla sé sin mar gheall ar an ngá práinneach leis an MCM a chur i bhfeidhm maidir le díorthaigh TTF, rud a mheastar go coitianta mar an fhoinse chaighdeánach seachphraghsanna ar mhargaí gáis na hEorpa, agus mar gheall ar an ngá le hullmhúchán breise a dhéanamh chun an MCM a chur i bhfeidhm maidir le horduithe le haghaidh díorthaigh atá nasctha le VTPanna eile. Dá bhrí sin, leis an Rialachán maidir leis an MCM tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh chun sonraí teicniúla chur i bhfeidhm an MCM maidir le díorthaigh atá nasctha le VTPanna eile den sórt sin a shainiú, is é sin, maidir le teagmhas ceartúcháin margaidh a tharlú agus teorainn tairisceana dhinimiciúil a chur i bhfeidhm i ndáil le díorthaigh den sórt sin. Tugtar de chumhacht don Choimisiún freisin leis an Rialachán maidir leis an MCM díorthaigh áirithe a eisiamh go heisceachtúil as measc na ndíorthach sin atá nasctha le VTPanna eile.

(4) An sainiú ar mhionsonraí teicniúla chur i bhfeidhm an MCM maidir le díorthaigh atá nasctha le VTPanna eile den sórt sin, chomh maith leis an bhféidearthacht díorthaigh áirithe as measc na ndíorthach atá nasctha le VTPanna eile a eisiamh ó raon feidhme an MCM, ba cheart iad a bheith bunaithe ar na critéir a chumhdaítear in Airteagal 9, mír 2 de Rialachán MCM, is é sin, leachtacht na ndíorthach atá nasctha le VTPanna eile agus infhaighteacht na faisnéise maidir le praghsanna na ndíorthach sin, agus an tionchar a bheadh ag leathnú an MCM chuig díorthaigh atá nasctha le VTPanna eile ar shreafaí gáis laistigh den Aontas agus ar shlándáil an tsoláthair agus ar chobhsaíocht na margaí airgeadais. Ba cheart an sainiú sin agus an eisiamh féideartha sin a bheith bunaithe freisin ar na tuarascálacha measúnachta éifeachtaí ó ACER agus ó ESMA arna dtíolacadh faoin 1 Márta 2023 de bhun Airteagal 8, mír 2, den Rialachán maidir leis an MCM.

(5) Gníomhachtaítear an MCM le haghaidh dhíorthaigh TTF nuair a tharlaíonn teagmhas ceartúcháin margaidh, is é sin, nuair a théann praghas socraíochta dhíorthach TTF na míosa tosaigh, arna fhoilsiú ag ICE Endex B.V., thar EUR 180/MWh agus nuair atá sé EUR 35 níos airde ná an praghas tagartha ar 3 lá oibre. Ba cheart an MCM le haghaidh díorthaigh atá nasctha le VTPanna eile san Aontas a ghníomhachtú an tráth céanna, nuair a tharlaíonn an teagmhas ceartúcháin margaidh céanna. Tá dhá phríomhchúis leis sin. Ar an gcéad dul síos, má chuirtear i gcomparáid le díorthach TTF iad, ní bhíonn go leor de na díorthaigh atá nasctha le VTPanna seachas TTF chomh leachtach céanna. Dá mbeadh gníomhachtú an MCM le bheith bunaithe ar thodhchaíochtaí neamhleachtacha, d'fhéadfadh an sásra a bheith i mbaol cúblála agus d'fhéadfadh gníomhachtuithe neamhriachtanacha nó gníomhachtuithe moillithe a bheith mar thoradh air sin. Ar an dara dul síos, dá mbeadh an sásra ceartúcháin margaidh le gníomhachtú do dhíorthaigh de chuid VTPanna áirithe agus do na díorthaigh sin amháin, d'fhéadfadh

([1]) Rialachán (AE) 2022/2578 ón gComhairle an 22 Nollaig 2022 lena mbunaítear sásra ceartúcháin margaidh chun saoránaigh den Aontas agus an geilleagar a chosaint ar phraghsanna as cuimse ard (IO L 335, 29.12.2022, lch. 45).

an trádáil aistriú go díorthaigh atá nasctha le VTPanna eile, rud a bhféadfadh saobhadh ar mhargaí fuinnimh nó airgeadais an Aontais a bheith mar thoradh air, mar shampla trí arbatráiste ag rannpháirtithe sa mhargadh idir díorthaigh cheartaithe agus díorthaigh neamhcheartaithe, chun aimhleasa tomhaltóirí. Aontaíonn tuarascáil mheasúnachta ACER leis an measúnú sin, tuarascáil ina luaitear freisin gur cheart an MCM le haghaidh díorthaigh atá nasctha le VTPanna eile san Aontas a ghníomhachtú ar bhonn phraghas socraíochta dhíorthach TTF na míosa tosaigh, de bhun Airteagal 4(1) den Rialachán maidir leis an MCM.

(6) Nuair a tharlaíonn teagmhas ceartúcháin margaidh, leagann an Rialachán maidir leis an MCM teorainn tairisceana dhinimiciúil síos, ar dá réir nár cheart d'oibreoirí margaidh glacadh le horduithe le haghaidh díorthaigh TTF atá le dul in éag le linn na tréimhse ó dháta éaga dhíorthach TTF na míosa tosaigh go dtí dáta éaga dhíorthach TTF na bliana tosaigh ar a bhfuil praghsanna EUR 35/MWh os cionn an phraghais tagartha a d'fhoilsigh ACER an lá roimhe sin, agus nár cheart do rannpháirtithe i margadh dhíorthach TTF orduithe a chur isteach le haghaidh na ndíorthach sin. Is iomchuí an teorainn tairisceana dhinimiciúil sin freisin do na horduithe le haghaidh díorthaigh atá nasctha le VTPanna eile agus ní gá modhnuithe a dhéanamh uirthi. Dála dhíorthaigh TTF, feidhmíonn préimh EUR 35/Mwh um shlándáil an tsoláthair mar fhoinse sheachphraghasanna na meándifríochta idir an praghas tagartha agus praghas na dtodhchaíochtaí mí roimh ré ar roinnt díorthach a bhí nasctha le VTPanna eile i samhradh 2022 agus léiríonn sé sin na costais a bhaineann le plódú bonneagair a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le gás a aistriú ó chríochfort GNL go mór-roinn na hEorpa i réigiúin eile de chuid an Aontais. Thairis sin, le cur i bhfeidhm na huasteorann sábháilteachta céanna ar gach díorthach VTP, ba cheart teorainn a chur leis an riosca go n-aistreofaí trádáil go míchuí idir VTPanna agus leis an riosca go saobhfaí an cothrom iomaíochta idir réigiúin éagsúla laistigh den Aontas maidir le GNL a mhealladh, rud a bhféadfadh ilroinnt margaí laistigh den Aontas a bheith mar thoradh air. Ina thuarascáil mheasúnachta, aontaíonn ACER go bhfuil an teorainn tairisceana dhinimiciúil is infheidhme maidir le horduithe le haghaidh dhíorthaigh TTF iomchuí freisin do na horduithe le haghaidh díorthaigh atá nasctha le VTPanna eile.

(7) Is é tuairim an Choimisiúin gur cheart feidhm a bheith ag an MCM maidir le gach díorthach atá nasctha le VTPanna eile, agus nár cheart é sin a bheith faoi réir aon eisceachta. Ina dtuarascálacha measúnachta éifeachtaí, dheimhnigh ACER agus ESMA seasamh an Choimisiúin, is é sin, nach mbíonn éifeachtaí diúltacha suntasacha ar mhargaí airgeadais nó gáis mar thoradh ar VTPanna eile a áireamh. Thug ACER agus ESMA araon dá n-aire go bhféadfadh tairbhí breise teoranta a bheith ag baint le leathnú an MCM chuig díorthaigh atá nasctha le VTPanna eile, nach bhfuil leachtacht leordhóthanach ag baint le formhór na ndíorthach sin, agus go bhféadfadh roinnt contrapháirtithe lárnacha ("CPLanna") imréitigh costais bhreise a thabhú chun a bpróiseas bainistíochta mainneachtana a athrú. Mar sin féin, i bhfianaise chur chun feidhme an Rialacháin maidir leis an MCM, d'aontaigh ACER agus ESMA araon leis an gconclúid ón gCoimisiún nach mbeidh éifeachtaí diúltacha suntasacha ar mhargaí airgeadais nó gáis mar thoradh ar chur i bhfeidhm an MCM maidir le gach díorthach atá nasctha le VTPanna eile. Ina mheasúnú agus i gcomhréir le hAirteagal 9(2) den Rialachán maidir leis an MCM, rinne an Coimisiún anailís ar na critéir seo a leanas go háirithe.

(8) Ar an gcéad dul síos, tá faisnéis faoi phraghsanna díorthach atá nasctha le VTPanna eile a chumhdaítear leis an ngníomh cur chun feidhme seo ar fáil go héasca toisc go ndéantar na díorthaigh sin a thrádáil ar mhargaí rialáilte a sholáthraíonn faisnéis faoi phraghsanna go rialta.

(9) Ar an dara dul síos, go hiarbhír ní eascraíonn fadhbanna suntasacha cur chun feidhme as easpa leachtachta roinnt díorthach atá nasctha le VTPanna eile, ós rud é gur roghnaigh an Coimisiún todhchaíochtaí mí roimh ré TTF ardleachtacha d'aon ghnó mar spreagadh chun an MCM a ghníomhachtú le haghaidh VTPanna eile.

(10) Ar an tríú dul síos, ní dócha go mbeidh aon tionchar diúltach suntasach ar shlándáil an tsoláthair ag leathnú na ndíorthach atá nasctha le moil eile. Is amhlaidh atá toisc go mbeidh feidhm ag an bpríomhionstraim chun fadhbanna a bhaineann le slándáil an tsoláthair a chosc, an "phréimh" a áirítear sa teorainn tairisceana (breisiú vis-à-vis praghsanna margaidh GNL, nó "uasteorainn sábháilteachta", dá dtagraítear in aithris 19 den Rialachán maidir leis an MCM) maidir le *gach* díorthach agus go n-áiritheoidh sí nach gcuirfidh an MCM isteach ar chumas an Aontais GNL a mhealladh. Ní dócha ach oiread go mbeidh aon tionchar diúltach suntasach ag an leathnú ar shreafaí gáis laistigh den Aontas mar gheall ar chur i bhfeidhm sealadach an MCM agus toisc gur toradh iad na sreafaí gáis laistigh den Aontas ar shraith chasta suíomhanna a eascraíonn ní hamháin as conarthaí díorthach, ach as go leor tionchar eile freisin, nach bhfuil tionchar ag an MCM orthu, amhail gealltanais fhadtéarmacha soláthair, trádáil ghearrthéarmach agus spot-trádálacha, agus idirbhearta a dtugtar i gcrích thar an gcuntar.

(11) Ar deireadh, níl coinne le haon tionchar suntasach ar chobhsaíocht na margaí airgeadais mar gheall ar leathnú an MCM, toisc gur díorthaigh TTF iad níos mó ná 90 % de na díorthaigh gáis nádúrtha a thrádáiltear ar mhargaí rialáilte san Aontas. Maidir leis na costais bhreise a d'fhéadfadh a bheith i ndán do CPLanna áirithe chun a bpróiseas bainistíochta mainneachtana a athrú, thug ESMA dá aire nár chuir aon CPL faisnéis ar fáil, tráth a foilsíodh a thuarascáil mheasúnachta éifeachtaí, inar luadh go bhféadfadh athruithe suntasacha a bheith ag teastáil mar gheall ar an Rialachán maidir leis an MCM.

(12) I bhfianaise an mhéid thuas, is é conclúid an Choimisiúin nár cheart aon díorthach atá nasctha le VTPanna eile a eisiamh go heisceachtúil ó raon feidhme chur i bhfeidhm an MCM.

(13) Chun feidhmiú fónta mhargaí na ndíorthach a chaomhnú agus chun ligean do rannpháirtithe sa mhargadh a neamhchosaintí ar riosca a bhainistiú go leordhóthanach, tá sé fíorthábhachtach nach gcuirfidh an Rialachán seo isteach ar chonarthaí a tugadh i gcrích roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Ar an gcúis chéanna, ba cheart rannpháirtithe sa mhargadh a bheith in ann suíomhanna i ndíorthaigh atá nasctha le VTPanna eile a osclaíodh roimh chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a fhritháireamh go héifeachtach. Dá bhrí sin, níor cheart feidhm a bheith ag an teorainn tairisceana dhinimiciúil maidir le conarthaí arna ndéanamh roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ná maidir le trádálacha a chuireann ar a gcumas do rannpháirtithe sa mhargadh suíomhanna a eascraíonn as conarthaí díorthach atá nasctha le VTPanna eile a tugadh i gcrích roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo a fhritháireamh nó a laghdú. Thairis sin, tá ról lárnach ag CPLanna maidir le feidhmiú ordúil margaí dhíorthaigh TTF a áirithiú trí riosca contrapháirtí a mhaolú. Tá sé chomh tábhachtach céanna a áirithiú nach gcuirfidh leathnú an tsásra chuig VTPanna eile na CPLanna a imréitíonn na hionstraimí ábhartha i mbaol i gcás mainneachtain comhalta imréitigh. Dá bhrí sin, ba cheart na CPLanna sin a bheith in ann próisis bainistíochta mainneachtana a chur chun feidhme gan a bheith faoi réir na teorann tairisceana. Chuige sin, níor cheart feidhm a bheith ag an teorainn tairisceana dhinimiciúil maidir le trádálacha a fhorghníomhaítear mar chuid de phróiseas bainistíochta mainneachtana arna eagrú ag CPL.

(14) Níl aon chúis inbhraite ann gan gnéithe dearaidh eile den MCM a chur i bhfeidhm maidir le díorthaigh atá nasctha le VTPanna eile. Áirítear leis sin na rialacha lena rialaítear fionraí an MCM. Ba cheart a thabhairt faoi deara, de bhun Airteagal 4(8), i gcás tásca nithiúla a bheith ann go bhfuil teagmhas ceartúcháin margaidh ar tí tarlú, gur cheart gníomhachtú an MCM a chur ar fionraí dá mbeadh sé sin ina chúis le suaitheadh neamhbheartaithe sa mhargadh. Ar an gcuma chéanna, de bhun Airteagal 6, ba cheart an MCM a chur ar fionraí tráth ar bith dá n-eascródh suaitheadh tromchúiseach sa mhargadh as an uasteorainn sábháilteachta dhinimiciúil, rud a dhéanfadh difear do shlándáil an tsoláthair, do na spriocanna éigeantacha laghdaithe éilimh, nó do chobhsaíocht agus d'fheidhmiú ordúil na margaí díorthach fuinnimh, na sreafaí gáis laistigh den Aontas, na difríochtaí idir praghsanna an mhargaidh gáis laistigh den Aontas nó i gcoinne réimsí eile ar domhan go substaintiúil, nó bailíocht na gconarthaí soláthair gáis atá ann cheana. Ba cheart a bhreithniú sa mheasúnú ar shuaitheadh neamhbheartaithe sa mhargadh an tionchar ar an margadh Eorpach ina iomláine agus ar gach VTP go sonrach freisin a bhfuil feidhm ag an MCM maidir leis; i gcás suaitheadh neamhbheartaithe den sórt sin sa mhargadh, bheadh feidhm ag an gcinneadh fionraíochta i gcomhréir le hAirteagal 6 den Rialachán maidir leis an MCM.

(15) I bhfianaise staid luaineach neamh-intuartha an mhargaidh gáis nádúrtha, tá sé tábhachtach a áirithiú gur féidir an MCM a chur i bhfeidhm ar dhíorthaigh atá nasctha le VTPanna eile a luaithe is féidir, má chomhlíontar na coinníollacha a thugann údar lena ghníomhachtú. Dá bhrí sin, ba cheart mionsonraí teicniúla chur i bhfeidhm an MCM maidir le díorthaigh atá nasctha le VTPanna eile a shainiú faoin 31 Márta 2023. Mar sin féin, chun an t-am a thabhairt do na cuideachtaí a oibríonn VTPanna san Aontas seachas TTF na coigeartuithe is gá a dhéanamh, níor cheart feidhm a bheith ag an ngníomh cur chun feidhme seo ach ón 1 Bealtaine 2023.

(16) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste MCM.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Raon feidhme

Sainítear leis an Rialachán seo mionsonraí teicniúla chur i bhfeidhm an tsásra ceartúcháin margaidh maidir le díorthaigh atá nasctha le pointí trádála fíorúla ("VTPanna") san Aontas seachas Pointe Trádála Fíorúil na Saoráide Aistrithe Teidil (TTF) i gcomhréir le hAirteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2022/2578.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críoch an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2022/2578.

Tá feidhm freisin ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn "díorthach na míosa tosaigh atá nasctha le VTPanna eile" díorthach atá nasctha le VTPanna eile arb é a dháta éaga an dáta is gaire i measc na ndíorthach a bhfuil aibíocht 1 mhí amháin acu a thrádáiltear ar mhargadh rialáilte ar leith;

(2) ciallaíonn "díorthach na bliana tosaigh atá nasctha le VTPanna eile" díorthach atá nasctha le VTPanna eile arb é a dháta éaga an dáta is gaire i measc na ndíorthach a bhfuil aibíocht 12 mhí acu a thrádáiltear ar mhargadh rialáilte ar leith.

Airteagal 3

An MCM a chur i bhfeidhm ar VTPanna eile

Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le horduithe a dhéantar chun díorthaigh atá nasctha le VTPanna atá lonnaithe san Aontas, seachas TTF, a thrádáil.

Airteagal 4

Teagmhas ceartúcháin margaidh i ndáil le VTPanna eile san Aontas

(1) Tarlóidh teagmhas ceartúcháin margaidh a bhaineann le díorthaigh atá nasctha le VTPanna eile nuair a chomhlíontar na coinníollacha a shainmhínítear in Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2022/2578.

(2) Beidh feidhm ag an teorainn tairisceana dhinimiciúil de bhun Airteagal 4, míreanna (5) agus (7), den Rialachán maidir leis an MCM maidir le díorthaigh atá nasctha le VTPanna eile atá le dul in éag le linn na tréimhse ó dháta éaga dhíorthaigh na míosa tosaigh go dtí dáta éaga dhíorthaigh na bliana tosaigh.

(3) Oibreoirí margaidh ar an margadh do dhíorthaigh atá nasctha le VTPanna eile agus rannpháirtithe sa mhargadh i ndíorthaigh den sórt sin, déanfaidh siad faireachán ar shuíomh gréasáin ACER ar bhonn laethúil.

Airteagal 5

Fionraí agus díghníomhachtú an MCM maidir le díorthaigh atá nasctha le VTPanna eile

An fionraí agus an díghníomhachtú sin ar an MCM i ndáil le díorthaigh atá nasctha le VTPanna eile, déanfar iad i gcomhréir le hAirteagail 5 agus 6 den Rialachán maidir leis an MCM.

Airteagal 6

Marthanacht

Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) conarthaí le haghaidh díorthaigh atá nasctha le VTPanna eile a tugadh i gcrích roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo;

(b) ceannach agus díol díorthach atá nasctha le VTPanna eile chun conarthaí a fhritháireamh nó a laghdú le haghaidh díorthaigh atá nasctha le VTPanna eile a tugadh i gcrích roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo;

(c) ceannach agus díol conarthaí le haghaidh díorthaigh atá nasctha le VTPanna eile mar chuid de nós imeachta um mainneachtain CPL a bhainistiú, lena n-áirítear trádálacha thar an gcuntar a chláraítear sa mhargadh rialáilte chun críche imréitigh.

Airteagal 7

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 7ú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Bealtaine 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 31 Márta 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN